2024/2668

9.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2024/2668 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1] agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231 [2] mar fhreagra ar na bacainní a cuireadh ar an bpróiseas toghchánaíochta i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus ar na sáruithe gaolmhara ar chearta an duine. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231 leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha uathrialacha.

(3) Tar éis bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta i gcásanna T-88/23 agus T-89/23, ba cheart dhá iontráil a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.

[2] Cinneadh (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 I, 12.12.2016, lch. 7).

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES, ('LIOSTA NA nDAOINE NÁDÚRTHA NÓ DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS AGUS NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(2)'), scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine'):

'5. Evariste BOSHAB

6. Alex Kande MUPOMPA'.